

## **Polasaí Druill Dóiteáin**

### **Réasúnanacht**

Tá líon na leanaí tar éis meadú agus 34 leanbh agus uaireanta suas le cúigear oide sa scoil mar sin tá se tábhachtach go bhfuil an próiséis sainmhínithe agus soiléir.

Dhein Malachaí agus Maryann plé ar an tslí is fearr na leanaí a stiúru amach i gcás eigeandála agus dhein siad roinnt cleachtadh leis na leanaí chun an próiséis is fearr a dhainginiú agus a mhíniú dos na leanaí.

### **Aidhmeanna**

Sábháiltacht na ndaltaí, foireann na scoile agus aon duine eile atá ins an foirgneamh ag an am a chinntiú agus córas éifeachtadh a chur i bhfeidhm chun aslonnú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh.

### **Treoirínte**

- Aon duine de phobal na scoile a thugann faoi ndeara dóiteán i bhfoirgneamh na scoile ba chóir dóibh é a rá le múinteoir láithreach. Is é an chéad sprioc ná na leanaí agus pobal na scoile a thabhairt lasmuigh.
- Nuair a cuirtear na daltaí ar an eolas faoi thine ba chóir dóibh línte socair a chruthú sa dá rang agus an foirgneamh a fhágáil agus gluaiseacht go tapaidh, socair go bun an chlóis agus as san síos an gort atá taobh thiar den scoil.
- Braitheann an bealach éalaithe ar suíomh an dainséara – tá ceithre bealach ealaithe difriúla sa scoil, príomh doras na scoil, doras na hoifige, fuinneoga mhóra sa dá rang.
- Raghadh múinteoir amháin ag barr an líne chun na leanaí a stiúru, más féidir ba cheart don múinteoir an leabhar rolla a thabhairt leo. Beidh sé de dhualgas ag an múinteoir eile ag bun an líne na leithris a seiceáil nach bhfuil aon leanbh iontu agus ansin an scoil a fhágaint ag dúnadh na dóirse eile ar an mbealach éalaithe nach mbeidh in úsáid arís.
- Déanfar comhaireamh agus glaoch tinrimh dos na leanaí amuigh sa chlós.
- Cuirfear fios ar an mbriogáid dóiteáin le guthán póca más féidir.

Déanfar ceacht leis na leanaí ag tús na bliana agus ó am go ham i rith na bliana chun sainmhíniú a thabhairt dóibh ar na bealaí éalaithe sa scoil agus conas an scoil a fhágaint i slí sábhálta agus cúramach.

Malachaí agus Maryann 5ú Nollaig 2019

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bPolasaí seo ar an 5ú Nollaig 2020